AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.4.2024
C(2024) 1728 final

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2.4.2024**

**lena leagtar síos mionsonraí oibríochta an bhunachair sonraí táirgí arna chur ar bun faoi Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2.4.2024**

**lena leagtar síos mionsonraí oibríochta an bhunachair sonraí táirgí arna chur ar bun faoi Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE[1], agus go háirithe Airteagal 12(12) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2017/1369, chuir an Coimisiún córas an Bhunachair Sonraí Táirgí Eorpaigh le haghaidh Lipéadú Fuinnimh (EPREL) i bhfeidhm chun bunachar sonraí táirgí a chur ar bun. Tá córas EPREL déanta as dhá chuid, córas poiblí ina dtugtar rochtain saor in aisce ar fhaisnéis phoiblí maidir le múnlaí táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais, agus córas comhlíontachta ina gcuireann soláthróirí an fhaisnéis phoiblí agus theicniúil araon ar fáil maidir leis na múnlaí táirgí sin, ar féidir le húdaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát rochtain a fháil orthu.

(2) Le córas EPREL, cuirtear faisnéis ar fáil maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh agus a chumhdaítear le Rialacháin tharmligthe arna nglacadh faoi Rialachán (AE) 2017/1369, faoi Threoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus, maidir le boinn, faoi Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

(3) Le ráthaíocht a thabhairt maidir le barántúlacht na faisnéise, agus lena áirithiú gur ó fhoinsí *bona fide* a thagann sí, ní mór córas a chur i bhfeidhm chun aitheantas agus teidlíocht a fhíorú le múnlaí táirgí a chlárú in EPREL. I ngeall ar na mílte soláthróirí i mBallstáit dhifriúla a chláraíonn múnlaí táirgí in EPREL, ba cheart fíorú a n-aitheantais i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis na caighdeáin idirnáisiúnta a dhéanamh ar bhonn leictreonach. Mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/1369, ní mór na soláthróirí a bheith bunaithe san Aontas. Ba cheart fianaise maidir le bunú an tsoláthróra laistigh den Aontas a chur ar fáil ar bhonn leictreonach freisin. Is iad na soláthróirí a d'éirigh leo an próiseas fíoraithe in EPREL

[1] IO L 198, 28.7.2017, lch. 1.

[2] Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le tomhaltas fuinnimh agus acmhainní eile i dtáirgí a bhaineann le fuinneamh a chur in iúl trí lipéadú agus trí fhaisnéis chaighdeánach ar tháirgí a bhaineann le fuinneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le lipéadú bonn maidir le héifeachtúlacht breosla agus paraiméadair eile, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1369 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1222/2009 (IO L 177, 5.6.2020, lch. 1).

a chur i gcrích go rathúil, rud a chruthaigh a n-aitheantas agus tír a mbunaithe, agus na soláthróirí sin amháin, is ceart a bheith in ann múnlaí táirgí nua a chlárú, clárúcháin atá ann cheana a mhodhnú, nó aon ghníomh eile a dhéanamh ar na múnlaí atá cláraithe acu.

(4) Tá cleachtais, caighdeáin agus reachtaíocht ann le haitheantas na ndaoine dlíthiúla agus na ndaoine nádúrtha a ríomhfhíorú. Thairis sin, ba cheart cruthúnas ar bhunú na soláthróirí laistigh den Aontas a sholáthar le fianaise ó chlár gnó nó trádála Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir (AE) 2017/1132[4] ('clár gnó'). Ba cheart do sholáthraí seirbhísí iontaoibhe cáilithe (QTSP) an cruthúnas ar bhunaíocht a fhíorú freisin trí dheimhniú, i gcomhréir le Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (eIDAS)[5].

(5) Ba cheart an coinníoll maidir le soláthróir a bheith ina dhuine nádúrtha nó ina dhuine dlítheanach a thuiscint i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. Ba cheart do sholáthróirí an próiseas ríomhfhíorúcháin a dhéanamh d'fhonn fianaise a sholáthar maidir lena gcéannacht agus a mbunaíocht san Aontas chun na múnlaí ábhartha a chlárú sula gcuirfidh siad aon aonad de na múnlaí táirgí sin ar mhargadh an Aontais.

(6) Níor cheart daoine nádúrtha a mheas mar sholáthróirí in EPREL ach amháin má chuireann siad fianaise ar fáil faoi fheidhmiú gníomhaíochta eacnamaíche atá comhoiriúnach le táirgí a chur ar mhargadh an Aontais agus má chruthaíonn siad go bhfuil siad bunaithe san Aontas. Féadfar glacadh le ríomhshínithe cáilithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 910/2014, le haghaidh daoine nádúrtha atá ag feidhmiú mar sholáthróirí, mar bhealach chun próiseas ríomhfhíorúcháin an tsoláthróra a chur i gcrích go rathúil. Toisc nach dtugtar fianaise le ríomhshínithe cáilithe ar bhunú duine nádúrtha i mBallstát, áfach, ba cheart do dhaoine nádúrtha fianaise den sórt sin a chur ar fáil ar aon chaoi ar a mbunú laistigh den Aontas, dá ngníomhaíocht ghairmiúil. Ba cheart é sin a dhéanamh trí mheán a gcláraithe i gclár gnó nó clár trádála Ballstáit nó i gclár comhlachais ghairmiúil lena gcumasaítear iad le gairm bheatha a chleachtadh agus ar féidir le húdarás inniúil nó soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a dheimhniú.

(7) Níor cheart ríomhshíniú cáilithe ó dhuine nádúrtha a fheidhmíonn mar ionadaí dlíthiúil do dhuine dlítheanach a bheith inghlactha le haghaidh fhíorú an duine dhlíthiúil sin chun feidhmiú mar sholáthróir, toisc nach dtugtar cruthúnas leis faoi bhunú an duine dhlítheanaigh sin san Aontas. Áirítear sa chaighdeán EN 319 412-1 an chomhréir agus an tséimeantaic le haghaidh na ríomhshéalaí cáilithe agus na sínithe cáilithe mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 910/2014.

(8) Ba cheart tréimhse réasúnach a bheith ag soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe, ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena gcuid nósanna imeachta agus bogearraí a oiriúnú, más gá, chun deimhnithe cáilithe a ghiniúint le haghaidh ríomhshéalaí lena n-áirítear an fhaisnéis is gá le haitheantas na soláthróirí agus a mbunú laistigh den Aontas Eorpach a fhíorú araon. Tar éis na tréimhse sin, níor cheart glacadh ach le deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí, lena n-áirítear cruthúnas ar bhunú san Aontas, le haghaidh phróiseas fíorúcháin EPREL. Má thagann an duine dlítheanach faoi raon feidhme Threoir (AE) 2017/1132, ba cheart don uimhir chlárúcháin agus don

-

[4] Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (códú) (IO L 169, 30.6.2017, lgh. 46–127).

[5] Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lgh. 73–114).

aitheantóir cláir comhfhreagairt don Aitheantóir Uathúil Eorpach (EUID) i gcomhthéacs chóras idirnasctha na gclár dá dtagraítear sa Treoir sin, dá ngairtear Córas Idirnasctha na gClár Gnó freisin[6].

(9) Daoine dlítheanacha a raibh an fíorúchán curtha i gcrích acu cheana féin, lena n-áirítear é sin a bheith déanta ar bhonn saorálach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar daoine iad a bhfuil ríomhshéala cáilithe acu nach bhfuil an uimhir chlárúcháin i gclár gnó náisiúnta ann, ba cheart sprioc-am breise agus níos déanaí a shocrú chun ceadú dóibh ríomhshéala cáilithe nua a chur ar fáil le tacaíocht deimhnithe cháilithe don ríomhshíniú ina bhfuil sé. Tar éis an sprioc-am breise a bheith istigh, na soláthróirí nár chuir fianaise ar fáil faoina mbunú laistigh den Aontas, ba cheart iad a bheith ina 'soláthróirí gan fíorú'.

(10) Ar mhaithe le slándáil agus iontaofacht na faisnéise a chuireann EPREL ar fáil, níor cheart aon mhúnla táirgí arna chlárú ag duine atá fós gan fíorú tar éis an sprioc-am dá bhforáiltear sa Rialachán seo, nó a thiocfaidh chun bheith gan fíorú ar bhonn fhorálacha an Rialacháin seo, a liostú i dtorthaí cuardaigh ar shuíomh gréasáin poiblí EPREL. Agus cód QR ar lipéad a bhaineann le múnla den sórt sin á scanadh, ba cheart teachtaireacht a léiríonn an staid sin a thaispeáint. Ba cheart an múnla a bheith infheicthe i gcónaí sa chuid a bhaineann le comhlíontacht, áit a mbíonn stádas an tsoláthróra infheicthe freisin ag údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát.

(11) Ba cheart do EPREL méid teoranta sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh soláthróirí a chláraíonn samhlacha, arb é an méid íosta é lena ráthaítear gur ó fhoinse *bona fide* (barántúlacht) a thagann an fhaisnéis faoi shamhlacha a chuireann tríú páirtithe isteach sa bhunachar sonraí agus gur féidir oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe san Aontas a shainaithint ar féidir forfheidhmiú a áirithiú ina choinne. Ba cheart sonraí pearsanta ar bith a iontráiltear sa bhunachar sonraí a phróiseáil go heisiach i gcomhréir le cuspóir an Choimisiúin a chúraimí a dhéanamh maidir leis an mbunachar sonraí a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt d'údaráis um fhaireachas margaidh agus a gcúraimí á ndéanamh acu. Níor cheart dúbláil ar na sonraí sin a cruthaíodh nó a soláthraíodh chun rochtain a fháil ar aon acmhainn sonraí leictreonacha de chuid an Choimisiúin a bheith sna sonraí pearsanta is gá le haghaidh na bpróifílí úsáideora.

(12) Chun feidhmiú EPREL a neartú, b'fhéidir go mbeadh ar údaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh teagmháil dhíreach a dhéanamh le soláthróirí chun faisnéis theicniúil bhreise a iarraidh nó cásanna neamhchomhlíontachta a réiteach. Ba cheart do sholáthróirí dá bhrí sin pointe teagmhála sonrach a chur ar fáil sa chuid de EPREL a bhaineann le comhlíontacht le haghaidh gach múnla táirge.

(13) Chun leibhéal cosanta leordhóthanach a áirithiú d'úsáideoirí deiridh san Aontas, ba cheart do sholáthróirí pointe teagmhála a chur in iúl don phobal ina dtairgfí tacaíocht do chustaiméirí. Féadfar pointe teagmhála difriúil a chur ar fáil le haghaidh aon réigiúin, tíre nó limistéar teanga.

(14) Níor cheart soláthar sonraí pearsanta a bheith i gceist le soláthar pointí teagmhála ag soláthraithe, ós rud é go bhféadfadh an duine aonair a dhéanann an cúram áirithe sin don soláthróir athrú le himeacht ama. Ba cheart sonraí teagmhála cineálacha, amhail bosca ríomhphoist feidhmiúil agus uimhir theileafóin na seirbhíse, a sholáthar chun leanúnachas na bpointí teagmhála in EPREL a áirithiú le himeacht ama agus chun próiseáil sonraí pearsanta a theorannú.

---

6 https://e-justice.europa.eu/489/EN/business_registers__search_for_a_company_in_the_eu

(15) Mar gheall ar íogaireacht fhéideartha na sonraí neamhphoiblí agus na doiciméadachta a bhaineann le múnlaí taifeadta, ar chuntais úsáideora na n-údarás um fhaireachas margaidh ba cheart sainaithint an duine aonair a riarann na cuntais sin a cheadú. Tar éis an ama nach ndéanann an duine an cúram gairmiúil sin a thuilleadh, ba cheart sonraí pearsanta ar bith a scriosadh ach amháin i gcás inar gá iad a choinneáil chun inrianaitheacht a áirithiú faoi Airteagal 12(8) pointe (e) de Rialachán (AE) 2017/1369. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart don soláthróir nó don Choimisiún na sonraí pearsanta a bhaineann le cuntais úsáideora soláthróirí a scriosadh bliain amháin ar a dhéanaí tar éis an cuntas a bhlocáil, ar choinníoll gur féidir fós an soláthróir a shainaithint go dleathach agus nach ndearna an t-úsáideoir oibríochtaí atá le logáil.

(16) Na heintitis nár éirigh leo pas a fháil san fhíorú roimh an sprioc-am dá ndéantar foráil sa Rialachán seo, ba cheart iad a bheith in ann a múnlaí táirgí cláraithe a aistriú chuig soláthróir fíoraithe a thógfadh ar láimh na freagrachtaí a bhaineann leis na múnlaí sin. Is féidir go mbeadh an t-aistriú sin indéanta freisin le haghaidh aon soláthróir fíoraithe i gcás athruithe eagraíochtúla amhail cumasc, roinnt, nó díol an tsoláthróra ina iomláine nó codanna de, scor de ghníomhaíochtaí nó imthosca eile.

(17) Is féidir go mbeadh sonraí rúnda san fhaisnéis theicniúil, agus d’fhéadfadh an t-inneachar a bheith faoi chumhdach cearta maoine intleachtúla. Ba cheart d’údaráis náisiúnta dá bhrí sin rochtain ar an bhfaisnéis sin a theorannú ar bhonn riachtanas eolais.

(18) Ba cheart do dhuine aonair, atá ag gníomhú ar son an tsoláthróra dá bhfuil sé nó sí ag oibriú, ‘soláthróir EPREL’ a chlárú agus an próiseas fíorúcháin iomlán a bhainistiú sular féidir aon mhúnla a chlárú. I gcás daoine dlítheanacha, ba cheart cead a bheith ag an duine aonair céanna sin cruthú na próifíle úsáideora agus na cearta rochtana a bhainistiú le haghaidh daoine aonair breise ar son an tsoláthróra chéanna.

(19) Ba cheart an Coimisiún a bheith i dteideal cás soláthróirí a athbhreithniú, go háirithe le haghaidh modhnuithe de thoradh a gcláraithe i gcláir phoiblí náisiúnta; agus ba cheart é a bheith i dteideal a iarraidh go dtabharfaí cothrom le dáta iad le haon athrú ábhartha mura gcuirfí an t-athrú sin in iúl go spontáineach trí mheán deimhniú athnuaite.

(20) Maidir le soláthraithe neamhfhreagracha, ar féidir a ngnólacht a bheith dúnta acu nó ar féidir a bheith imithe i bhféimheacht nó i gcás den chineál céanna, ba cheart iad a mheas mar sholáthraithenach bhfuil fíoraithe. Ba cheart do chóras EPREL an dáta scor de chur gach múnla chláraithe dá gcuid ar an margadh a shocrú, agus ba cheart a mharcáil gur shocraigh an córas é.

(21) Is iomchuí rogha tomhaltóirí a éascú trí shainaithint agus difreáil cheart na dtáirgí in EPREL a áirithiú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i bhfianaise soláthar poiblí faoi Rialachán (AE) 2020/852[7]. Ba cheart é sin a dhéanamh tríd an deis a thabhairt do sholáthróirí luachanna na bparaiméadar ábhartha, nach n-áirítear ar an mbileog faisnéise faoin táirge, amhail Uimhir Aitheantais Trádála Domhanda, na Ballstáit ina gcuireann siad aonaid de mhúnla táirge ar an margadh nó faisnéis a bhaineann le hullmhacht chliste a chur isteach go deonach. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, d’fhéadfaí paraiméadair a chur isteach a bheadh riachtanach chun idirdhealú a dhéanamh idir múnlaí éagsúla ar beartaíodh úsáid éagsúil dóibh. Ba cheart na paraiméadair bhreise sin a áireamh in EPREL tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe

[7] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú (IO L 198, 22.6.2020, lgh. 13-43).

leasmhara ábhartha. Níor cheart cur leis an ualach ar an soláthróir ná ar an ngníomhaíocht um fhaireachas margaidh leis na paraiméadair sin, ná níor cheart iad a bheith ina gcuid den mheasúnú comhréireachta ná den fhíorú comhlíontachta.

(22) Agus múnla á chlárú, ní gá don soláthróir dáta deiridh dá chur ar an margadh a léiriú cheana féin. I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2017/1369 áfach, ba cheart do sholáthróirí a léiriú sa bhunachar sonraí nuair nach mbeidh aonaid de mhúnla á gcur ar an margadh a thuilleadh acu. Ba cheart clárú an mhúnla a thabhairt cothrom le dáta dá bhrí sin leis an bhfaisnéis sin laistigh de thréimhse réasúnach a luaithe a bheidh cinneadh déanta ag an soláthróir gan aonaid den mhúnla sin a chur ar an margadh a thuilleadh. An dáta deiridh chun iad a chur ar an margadh, d’fhéadfadh sé a bheith ina thagairt freisin le haghaidh na n-oibleagáidí maidir le hinfhaighteacht páirteanna spártha, bogearraí, nuashonruithe dochtearraí agus aon oibleagáid chomhchosúil a leagtar amach sa Rialachán le haghaidh an ghrúpa táirgí sin a glacadh faoi Threoir 2009/125/CE. Ba cheart na dátaí do chur ar an margadh agus do scor de chur ar an margadh a bheith inrochtana don phobal in EPREL.

(23) Le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2017/1369 ceanglaítear ar dhéileálaithe lipéad an tsoláthróra a thaispeáint go feiceálach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcás ciandíol ar líne, agus bileog faisnéise faoin táirge a chur ar fáil do chustaiméirí. Na ceanglais shonracha i ndáil leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil san fhógraíocht físe, san ábhar bolscaireachta teicniúil, sa chiandíol agus sa teileamhargaíocht, lena n-áirítear ciandíol thar an idirlíon; is ar bhonn sonrach do ghrúpaí táirgí a shocraítear iad freisin. Chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí sin a éascú, ba cheart do sholáthróirí uimhir chlárúcháin EPREL a chur in iúl do dhéileálaithe agus do dháileoirí, a bhfuil gá léi chun an lipéad ceart agus an bhileog faisnéise faoin táirge a aisghabháil go leictreonach, atá ar fáil i ngach teanga oifigiúil in EPREL.

(24) Nuair a chuireann déileálaithe lipéad an tsoláthraí ar taispeáint, go háirithe mura bhfuil an lipéad a sholáthraítear sa bhosca ar taispeáint acu, ach cóip de, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil an cód QR, i gcás inarb ann dó, infheicthe agus inléite, ionas gur féidir le tomhaltóirí an fhaisnéis ábhartha a aisghabháil in EPREL agus úsáid a bhaint as feidhmchláir mhóibíleacha chun comparáidí a dhéanamh.

(25) Féadfaidh soláthróirí córais uathoibrithe a úsáid chun roinnt mhaith clárúchán múnlaí a bhulc-uaslódáil an tráth céanna, agus struchtúr dátaí agus séimeantaic shonrach á n-úsáid acu, ar a dtugtar ‘samhail malartaithe sonraí’, arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún. Aon athrú ar an tsamhail malartaithe sonraí ag an gCoimisiún, d’fhéadfadh forbairt bogearraí agus gníomhaíocht tástála ag an soláthróir nó ag a sholáthraí seirbhíse a bheith i gceist leis, ar cheart fógra réasúnach a thabhairt ina leith.

(26) Is iomchuí tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do sholáthróirí agus d’údaráis um fhaireachas margaidh le EPREL a úsáid. Dá bhrí sin, sa bhreis ar na treoirlínte agus na treoracha atá le cur ar fáil tríd an tairseach ar líne, ba cheart seirbhís deisce cabhrach a bheith ar fáil le linn laethanta oibre an Choimisiúin, idir 9:00 agus 17:00 ar a laghad Am Lár na hEorpa (CET) nó Am Samhraidh Lár na hEorpa (CEST), de réir mar is ábhartha. Ba cheart faisnéis shoiléir agus cheart a chur ar fáil do sholáthróirí maidir leis na laethanta ar a mbíonn na seirbhísí deisce cabhrach ar fáil.

(27) Ba cheart an fhaisnéis atá ábhartha d’úsáideoirí deiridh agus do dhéileálaithe a chur ar fáil go poiblí mar shonraí oscailte sa chuid phoiblí de EPREL, chun uirlisí comparáide d’úsáideoirí deiridh a éascú. Ba cheart rochtain dhíreach éasca ar an gcuid phoiblí de EPREL a éascú le huirlisí lena gcumasaítear comhpháirteanna bogearraí le cumarsáid

a dhéanamh le chéile, agus tacar sainmhínithe agus prótacal á úsáid, amhail Comhéadain Feidhmchlár (API).

(28) Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh má shainaithníonn sé gníomhaíocht chalaoiseach in EPREL, lena bhféadfaí íoslódáil mhíchuí faisnéise a áireamh.

(29) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 14 Nollaig 2023.

(30) Rinneadh an Fóram Comhairliúcháin a bunaíodh de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2017/1369 a cheadú.

(31) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhaontú leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2017/1369,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leis an Rialachán seo, leagtar amach mionsonraí oibríochta le haghaidh fheidhmiú an bhunachair sonraí táirgí a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2017/1369 agus na rialacha mionsonraithe a bhfuil feidhm acu maidir le soláthróirí a chuireann táirgí ar mhargadh an Aontais:

   (a) táirgí a bhaineann le fuinneamh a chumhdaítear le gníomhartha tarmligthe lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1369 agus Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

   (b) boinn a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2020/740 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó leis na gníomhartha tarmligthe atá mar fhorlíonadh leis.

2. Baineann na mionsonraí oibríochta agus na rialacha sin le:

   (a) próiseas fíorúcháin a cheadaíonn do dhaoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha a bheith ina soláthróirí fíoraithe agus chun rúndacht, sláine agus barántúlacht na faisnéise a chláraíonn siad a áirithiú;

   (b) an fhaisnéis is gá chun múnlaí táirgí a chlárú;

   (c) samhlacha malartaithe sonraí agus bainistiú eisiúintí bogearraí;

   (d) infhaighteacht an chórais agus na sonraí.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe i bpointí (5) 'fíordheimhniúchán', (12) 'ríomhshíniú cáilithe', (19) 'soláthraí seirbhíse iontaoibhe', (20) 'soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe', (27) 'ríomhshéala cáilithe' agus (30) 'deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéala' d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 910/2014 agus i bpointe (16) 'dáileoir' d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/740.

Beidh feidhm freisin ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘EPREL’ nó ‘Bunachar Sonraí Táirgí Eorpach le haghaidh Lipéadú Fuinnimh’ an bunachar sonraí táirgí arna chur ar bun agus arna choinneáil ar bun ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2017/1369;

(2) ciallaíonn ‘próiseas fíorúcháin’ an próiseas trína gcuireann duine nádúrtha nó duine dlítheanach fianaise dá aitheantas agus dá bhunú san Aontas ar fáil, rud a thugann an ceart dóibh táirgí a chlárú in EPREL;

(3) ciallaíonn ‘Aitheantóir Cláir Gnó’ nó ‘ID Cláir’ an cód alfa-uimhriúil arna shannadh ag údarás Ballstáit, nó ag duine éigin ag gníomhú thar a shon, don rannóg nó don oifig faoi leith den chlár gnó a shannann an chláruimhir ghnó do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha a dhéanann gníomhaíocht ghairmiúil, amhail gnó nó trádáil. Má thagann an duine dlítheanach faoi raon feidhme Threoir (AE) 2017/1132, is éard a bheidh san uimhir sin an t-aitheantóir uathúil (EUID) dá dtagraítear in Airteagal 16(1) den Treoir chéanna agus i bpointe 9 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1042 ón gCoimisiún;

(4) ciallaíonn ‘Cláruimhir Ghnó’ an cód alfa-uimhriúil, arna shannadh ag clár gnó ar an leibhéal náisiúnta don duine dlítheanach nó don duine nádúrtha a dhéanann gníomhaíocht ghairmiúil agus a chuireann fianaise ar fáil ar a aitheantas agus a bhunú sa Bhallstát ina bhfuil an clár bunaithe. Má thagann an duine faoi raon feidhme Threoir (AE) 2017/1132, is éard a bheidh san uimhir sin an t-aitheantóir uathúil (EUID) dá dtagraítear in Airteagal 16(1) den Treoir chéanna agus i bpointe 9 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1042 ón gCoimisiún;

(5) ciallaíonn ‘soláthróir fíoraithe’ soláthróir EPREL ar éirigh leis an próiseas fíorúcháin a chur i gcrích i gcóras comhlíontachta EPREL de réir Airteagail 4, 5 agus 6;

(6) ciallaíonn ‘soláthróir gan fíorú’ soláthróir EPREL nár éirigh leis go fóill an próiseas fíorúcháin soláthróra a chur i gcrích i gcóras comhlíontachta EPREL, lena n-áirítear iad siúd nár athnuaigh an ríomhshéala cáilithe laistigh den sprioc-am éigeantach;

(7) ciallaíonn ‘soláthróir EPREL’ duine nádúrtha nó duine dlítheanach ina cháil chun gníomhú mar sholáthróir chun múnlaí táirgí a chlárú sa bhunachar sonraí táirgí;

(8) ciallaíonn ‘samhail malartaithe sonraí’ samhail XML a úsáidtear le struchtúr sonraí agus séimeantaic na sonraí táirgí a shainiú, trí mheán theanga mharcála XML agus lena gceadaítear iompórtáil sonraí ar luachanna paraiméadair an mhúnla táirge ó bhunachar sonraí soláthróra isteach sa bhunachar sonraí táirgí;

(9) ciallaíonn ‘córas comhlíontachta EPREL’ an bunachar sonraí agus na bogearraí chun a inneachar a bhainistiú, atá inrochtana trí mheán shuíomh gréasáin comhlíontachta EPREL faoi réir fhíordheimhniú úsáideora, a chumasaíonn soláthróirí le sonraí poiblí agus comhlíontachta araon a chlárú sa bhunachar sonraí táirgí, agus a chumasaíonn údaráis um fhaireachas margaidh Ballstáit freisin lena gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh;

(10) ciallaíonn ‘suíomh gréasáin comhlíontachta EPREL’ an suíomh gréasáin a chuireann rochtain ar fáil ar an mbunachar sonraí táirgí chun críoch fíoraithe comhlíontachta, ar a n-éilítear clárú agus fíordheimhniú úsáideoirí, nach mbíonn rochtain ach ag údaráis um fhaireachas margaidh Ballstáit agus foireann an Choimisiúin ar aon fhaisnéis phoiblí agus theicniúil faoi mhúnlaí táirgí cláraithe agus ar an bhfaisnéis faoi sholáthróirí EPREL;

(11) ciallaíonn ‘córas poiblí EPREL’ an bunachar sonraí agus na bogearraí le rochtain a fháil ar a inneachar, atá inrochtana saor in aisce trí mheán shuíomh gréasáin poiblí EPREL, rud a chumasaíonn cuairteoirí le sonraí poiblí aon mhúnla táirge chláraithe a cheadú ón dáta a cuireadh ar an margadh é;

(12) ciallaíonn ‘suíomh gréasáin poiblí EPREL’ an suíomh gréasáin atá inrochtana saor in aisce a chumasaíonn cuairteoirí le sonraí poiblí aon mhúnla táirge chláraithe a cheadú ón dáta a cuireadh ar an margadh é;

(13) ciallaíonn ‘API’ nó ‘Comhéadan Feidhmchlár’ tacar sainmhínithe agus prótacal chun feidhmchlár bogearraí a thógáil agus a chomhtháthú le sonraí a chomhroinnt;

(14) ciallaíonn ‘clár gnó’ nó ‘clár trádála’ comhlacht earnála poiblí náisiúnta Ballstáit a shannann cláruimhreacha gnó do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha atá i mbun gníomhaíocht ghairmiúil amhail gnó nó trádáil agus a sholáthraíonn fianaise go bhfuil siad bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil an comhlacht earnála poiblí náisiúnta bunaithe;

(15) ciallaíonn ‘GTIN’ nó ‘Uimhir Aitheantais Trádála Domhanda’ aitheantóir uathúil a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a shannann an eagraíocht idirnáisiúnta GS1, a úsáidtear chun ítimí trádála a shainaithint chun sainaithint chruinn a éascú. Is féidir GTINanna a ionchódú mar chlibeanna barrachóid, greamaithe de tháirgí nó dá bpacáistíocht, nó mar chlibeanna sainaitheanta radaimhinicíochta (RFID);

(16) ciallaíonn ‘dáta chur ar an margadh’ an dáta a cuireadh an chéad aonad de mhúnla táirge ar an margadh;

(17) ciallaíonn ‘dáta scor de chur ar an margadh’ an dáta a chuirtear an t-aonad deireanach de mhúnla táirge ar an margadh;

(18) ciallaíonn ‘múnla cláraithe’ nó ‘múnla táirgí cláraithe’ múnla de tháirge a bhfuil a luachanna paraiméadair curtha isteach in EPREL. Ní gá go mbeadh an múnla cláraithe infheicthe go poiblí;

(19) ciallaíonn ‘córas táirgthe comhlíontachta EPREL’ cóip den chóras comhlíontachta, ina ndéanann an Coimisiún na leaganacha bogearraí is déanaí a shuiteáil agus ina gcláraíonn soláthróirí na fíorshamhlacha táirgí sula gcuirtear ar an margadh iad;

(20) ciallaíonn ‘córas glactha comhlíontachta EPREL’ córas ina ndéanann an Coimisiún na leaganacha bogearraí is déanaí den chóras táirgthe comhlíontachta a shuiteáil agus inar féidir leis na soláthróirí soláthróir caoch agus múnlaí táirgí caocha a chlárú chun críoch tástála. Cuirtear aon leagan nua de bhogearraí ar fáil ar an gcóras seo ar dtús agus ní chuirtear ar fáil é ar chóras comhlíontachta EPREL go dtí go bhfuil an tréimhse ábhartha tástála agus inghlacthachta caite;

(21) ciallaíonn ‘prótacal aistrithe’ an prótacal maidir le cumarsáid leictreonach ar an Idirlíon chun faisnéis a mhalartú go slán idir córais ríomhaireachta an tsoláthróra agus an Choimisiúin;

(22) ciallaíonn ‘tairseach ar líne’ an suíomh gréasáin óna dtugtar rochtain ar an gcuid phoiblí agus ar an gcuid de EPREL a bhaineann le comhlíontacht agus ina bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach i bpointe 2 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1369 agus faisnéis ábhartha eile maidir le héifeachtúlacht fuinnimh táirgí;[8]

[8] https://energy-efficient-products.ec.europa.eu/

(23) ciallaíonn ‘NTR’ an t-acrainm ar shainaithint atá bunaithe ar aitheantóir ó chlár trádála náisiúnta, mar atá i mír 5.1.4 de EN 319 412-1.

*Airteagal 3*

**Ceanglas fíorúcháin ar sholáthróirí**

1. Soláthróirí táirgí a shonraítear in Airteagal 1(1), pointí (a) agus (b), beidh siad ina soláthróirí fíoraithe.

2. Ní fhéadfaidh ach soláthróirí fíoraithe múnlaí táirgí a chlárú in EPREL agus aon mhodhnú a dhéanamh a bhaineann le múnlaí atá ann cheana. Tá feidhm aige sin maidir le daoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha araon.

*Airteagal 4*

**Daoine dlíthiúla a fhíorú**

1. Na soláthróirí is daoine dhlítheanacha, cuirfidh siad fianaise isteach dá n-aitheantas agus dá mbunú laistigh den Aontas, trí bhíthin ríomhshéala cáilithe le tacaíocht ó dheimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéala, arna eisiúint ag soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe de bhun Rialachán (AE) 910/2014. Ní ghlacfar le ríomhshíniú ó ghníomhaire ginearálta soláthróra is duine dlítheanach toisc nach soláthraítear leis fhianaise ar bhunú an duine dhlítheanaigh sin san Aontas.

2. Sa deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéala a thacaíonn leis an ríomhshéala cáilithe beidh ainm beacht an duine dhlítheanaigh mar atá cláraithe i gclár gnó Ballstáit, lena n-áirítear aon spásáil, poncaíocht nó carachtair speisialta eile. Beidh an deimhniú comhlíontach le EN 319 412-1 agus le EN 319 412-3.

3. An réimse ‘Ábhar’ atá i láthair sa deimhniú cáilithe don ríomhshéala, beidh gné ‘aitheantóra eagraíochta’ ann ina mbeidh faisnéis leis an struchtúr agus an t-ord seo a leanas:

   (a) tagairt thrí charachtar do chineál aitheantais duine dhlítheanaigh atá socraithe chuig an luach ‘NTR’;

   (b) cód tíre dhá charachtar ISO 3166[9] lena léirítear tír an bhunaithe;

   (c) comhartha fleiscín-mínis’-’ (U+002D);

   (d) an t-aitheantóir de réir na tagartha cineáil aitheantais do ‘NTR’ leis an struchtúr agus an t-ord seo a leanas, arna shonrú i Rialachán (AE) 2021/1042 mar an tAitheantóir Uathúil Eorpach (EUID):

      (i) an tAitheantóir Cláir Gnó, le haghaidh na rannóige nó na hoifige faoi leith den chlár poiblí a shann an chláruimhir ghnó don duine dlítheanach faoi thrácht;

      (ii) ponc-chomhartha ‘.’ (U+002E);

      (iii) an Chláruimhir Ghnó, arna sannadh don duine dlítheanach ag an gclár náisiúnta gnó i bpointe (i) thuas.

9 ISO 3166-1: ‘Cóid chun ainmneacha tíortha agus a bhforanna a léiriú--Cuid 1: Cód tíre’.

Tá an Cód tíre, cuid den EUID agus cuid roimh na trí réimse thuasluaite, chomh maith leis an digit fíorúcháin, roghnach.

4. Daoine nádúrtha a chláraíonn múnlaí de sholáthraithe ar daoine dlítheanacha iad, ní dhéanfaidh siad an próiseas ríomhfhíorúcháin in ionad na ndaoine dlítheanacha sin.

*Airteagal 5*

**Daoine nádúrtha a fhíorú**

1. Cuirfidh soláthróirí is daoine nádúrtha fianaise isteach ar a n-aitheantas trí bhíthin ríomhshíniú cáilithe.

2. Sa deimhniú cáilithe um ríomhshíniú a thacaíonn leis an ríomhshíniú cáilithe, beidh ainm an duine nádúrtha mar atá cláraithe i gclár gnó nó trádála an Bhallstáit, lena n-áirítear aon spásáil, poncaíocht nó carachtair speisialta eile. Beidh an deimhniú comhlíontach le EN 319 412-1 agus le EN 319 412-2.

3. Cuirfidh soláthróir is duine nádúrtha fianaise isteach freisin ar a bhunú féin laistigh den Aontas, agus, más iomchuí, ar shainordú i scríbhinn a bheith faighte aige mar ghníomhaire ginearálta monaróra nach bhfuil bunaithe san Aontas, chun gníomhú thar a shon féin chun múnlaí táirgí an mhonaróra sin a chlárú in EPREL, trí bhíthin na faisnéise breise seo a leanas:

(a) an tAitheantóir Cláir Gnó, le haghaidh na rannóige nó na hoifige faoi leith den chlár poiblí a shann uimhir an chláir gnó nó an chláir trádála don duine nádúrtha faoi thrácht ar an leibhéal náisiúnta;

(b) an Chláruimhir Ghnó, arna sannadh don duine nádúrtha ar an leibhéal náisiúnta;

(c) sainordú i scríbhinn de chuid na monaróirí ina liostaítear gach branda/trádmharc a bhfuil feidhm ag an sainordú maidir leis.

Cuirfear an fhaisnéis a luaitear i bpointí (a) agus (b) thuas in iúl i ndoiciméad:

(i) arna ríomhshíniú ag an duine nádúrtha;

(ii) arna ríomhshéalú nó arna ríomhshíniú ag an údarás inniúil atá freagrach ar an leibhéal náisiúnta as an gclár gnó nó trádála nó, murab indéanta é sin, arna ríomhshéalú le deimhniú maidir le hionracas ag soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe.

Cuirfear an fhaisnéis a luaitear i bpointe (c) thuas in iúl i ndoiciméad:

(i) arna shéalú go digiteach ag gach ceann de na monaróirí neamh-AE; nó

(ii) arna shíniú go digiteach ag ionadaithe dlíthiúla na monaróirí neamh-AE sin.

*Airteagal 6*

**Bearta idirthréimhseacha le ríomhfhíorú ag daoine dhlítheanacha a chur i gcrích**

1. De mhaolú ar phointe (a) agus (d) d’Airteagal 4(3) agus go dtí *[12 mhí i ndiaidh thús an chur i bhfeidhm - Oifig na bhFoilseachán - cuir isteach tagairt]*, féadfaidh soláthróirí is daoine dlítheanacha ríomhshíniú cáilithe a chur isteach ina bhféadfar an tagairt thrí charachtar do chineál aitheantais an duine dhlítheanaigh a shocrú chuig ceann de na luachanna seo a leanas:

(a) ‘CBL’ le haghaidh sainaitheantas bunaithe ar uimhir aitheantais CBL náisiúnta;

(b) ‘PSD’ le haghaidh sainaitheantais bunaithe ar uimhir údaraithe náisiúnta soláthraí seirbhíse íocaíochta faoin Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (AE) 2015/2366[10];

(c) ‘LEI’ le haghaidh Aitheantóir Duine Dhlítheanaigh domhanda mar a shonraítear in ISO 17442[11]. Socrófar an cód tíre dhá charachtar ISO 3166-1 chuig ‘XG’;

(d) dhá charachtar i gcomhréir leis an sainmhíniú áitiúil laistigh den tír shonraithe agus údarás clárúcháin ainmneacha, lena sainaithnítear scéim náisiúnta a mheastar a bheith iomchuí ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, leis an gcarachtar ‘:’ (idirstad) ina ndiaidh.

Ní foláir nó go bhfuil an t-aitheantóir (i gcomhréir leis an tagairt don tír agus don chineál aitheantais) comhleanúnach leis an tagairt thrí charachtar do chineál aitheantais duine dhlítheanaigh a úsáidtear.

2. Faoi *[36 mhí i ndiaidh thús an chur i bhfeidhm - Oifig na bhFoilseachán - cuir isteach tagairt]*, na soláthróirí atá fíoraithe le ríomhshéala i gcomhréir leis an bhformáid a socraítear faoi mhír 1, déanfaidh siad a bhfíorúchán a athnuachan trí ríomhshéala cáilithe a chur ar fáil mar a leagtar amach in Airteagal 4.

*Airteagal 7*

**Múnlaí táirgí arna gclárú ag soláthróirí gan fíorú**

1. Samhlacha arna gclárú in EPREL ag eintitis gan fíorú, ní liostófar iad sna torthaí cuardaigh ar shuíomh gréasáin poiblí EPREL. Nuair a aisghabhtar múnla ó EPREL trí chód QR a scanadh nó trí bhealach ar bith eile, is trí théacs a léireofar gur soláthróir gan fíorú a chláraigh an múnla.

2. An fhaisnéis faoi mhúnlaí arna gclárú ag soláthróirí gan fíorú, ní dhéanfar í a onnmhairiú trí bhíthin comhéadain feidhmchláir ná gnéithe onnmhairiúcháin eile.

3. Níl aon athrú ar an bhfaisnéis ná ar a hinrochtaineacht sa chuid a bhaineann le comhlíontacht.

*Airteagal 8*

**Pointí teagmhála poiblí agus comhlíontachta soláthróirí**

1. Sainaithneoidh soláthróirí sa chuid phoiblí de EPREL, mar a bpointe teagmhála poiblí, sonraí teagmhála na roinne nó na hearnála a áirithíonn cumarsáid leis an bpobal i ndáil le húsáid táirge agus seirbhís do chustaiméirí, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist cineálach nach bhfuil sonraí pearsanta ann. Féadfar pointí breise teagmhála a chur ar fáil ó shuíomh gréasáin an tsoláthróra, le haghaidh limistéir gheografacha, limistéir theanga nó tíortha difriúla.

-

10 Treoir 2015/2366 (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lgh. 35-127).

11 ISO 17442: ‘Seirbhísí airgeadais - Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI)’.

2. Sainaithneoidh soláthróirí freisin sa chuid sin de EPREL a bhaineann le comhlíontacht, mar a bpointe teagmhála comhlíontachta, sonraí teagmhála na roinne nó na hearnála a áirithíonn comhar leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, lena n-áirítear uimhir theileafóin, seoladh fisiceach laistigh den Aontas agus seoladh ríomhphoist cineálach nach bhfuil sonraí pearsanta ann.

3. Féadfar pointí teagmhála éagsúla a chur ar fáil le haghaidh gach múnla táirge agus sa chuid phoiblí agus sa chuid a bhaineann le comhlíontacht.

4. Tá an soláthróir freagrach as cruinneas agus tabharfaidh sé sonraí na bpointí teagmhála a cuireadh ar fáil cothrom le dáta.

*Airteagal 9*

**Aistriú na múnlaí cláraithe idir soláthróirí**

Féadfar múnlaí táirge cláraithe a aistriú chuig soláthróir fíoraithe a thógann ar láimh na hoibleagáidí ón soláthróir roimhe i ndáil leis na múnlaí táirgí úd ón dáta a léirítear le haghaidh an aistrithe.

*Airteagal 10*

**Rochtain ar EPREL ag údaráis um fhaireachas margaidh**

1. Beidh rochtain ag údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ar an gcuid de EPREL a bhaineann le comhlíontacht trí mheán riarthóir náisiúnta aonair arb é an t-aon duine teagmhála oifigiúil don Choimisiún é.

2. Cuirfidh údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ainm agus sonraí teagmhála an riarthóra náisiúnta aonair agus aon athrú ina leith in iúl don Choimisiún. Féadfaidh siad cearta rochtana a tharmligean a thuilleadh faoina lánfhreagracht féin agus slándáil, sláine agus rúndacht na sonraí á gcur san áireamh.

3. Déanfaidh an Coimisiún na sonraí pearsanta a áirítear i bpróifílí úsáideora an údaráis um fhaireachas margaidh a bhainistiú i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2018/1725 agus scriosfar iad nuair a scriosfar an cuntas ábhartha EPREL ach amháin má tá oibríochtaí déanta ag an úsáideoir ar gá iad a logáil chun críocha inrianaitheacht na rochtana ar dhoiciméadacht theicniúil soláthróirí.

*Airteagal 11*

**Próifílí úsáideora agus fíorú soláthróirí a bhainistiú**

1. Beidh gach soláthróir freagrach as na cearta rochtana ar a gcuid sonraí féin ag comhaltaí a eagraíochta soláthróra EPREL féin a bhainistiú. Ceapfar úsáideoir amháin ar a laghad chun bheith freagrach as an soláthróir agus chun próifílí úsáideora eile agus a gcearta rochtana a bhainistiú.

2. Sonraí pearsanta ar bith a iontráiltear mar chuid de phróifíl úsáideora an tsoláthraí, déileálfar leo i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2018/1725.

3. Déanfar sonraí pearsanta na n-úsáideoirí a scriosadh go comhuaineach le scriosadh a gcuntas úsáideora, ach amháin:

   (a) más gá na sonraí sin chun an soláthraí a shainaithint go dlíthiúil;

   (b) más gá iad chun rochtain ar fhaisnéis theicniúil faoin múnla a rianú.

4. Aon phróifíl úsáideora le soláthróir de chuid EPREL atá neamhghníomhach le breis agus bliain amháin, tar éis foláireamh dúbailte ríomhphoist, cuirfear bac uirthi, murab í an phróifíl úsáideora an t-aon cheann atá freagrach as an soláthróir. Déanfar faisnéis phearsanta an úsáideora a scriosadh go huathoibríoch bliain amháin tar éis lá blocála an chuntais mura rud é:

(a) gur gá na sonraí sin a choinneáil chun an soláthraí a shainaithint go dlíthiúil;

(b) go bhfuil oibríochtaí déanta ag an úsáideoir nach mór a logáil i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2017/1369.

5. Beidh an soláthróir freagrach as an bpróiseas ríomhfhíorúcháin a bhainistiú.

6. Beidh an soláthróir freagrach as a áirithiú go dtugtar sonraí soláthróra EPREL cothrom le dáta i gcás aon dúshlán ábhartha, lena n-áirítear aon athrú ar an ionadaí dlíthiúil.

7. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an bpróiseas fíorúcháin. Mura gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis a thuilleadh dá bhfuil cláraithe in EPREL, iarrfaidh an Coimisiún ar an soláthróir dul tríd an bpróiseas fíorúcháin arís laistigh de 3 mhí.

8. Caillfidh soláthróir a fíoraíodh cheana an stádas 'fíoraithe' más cosúil go bhfuil sé neamhghníomhach ar bhonn logaí gníomhaíochta le níos mó ná bliain amháin agus nach bhfreagraíonn sé foláireamh dúbailte ríomhphoist. Tá feidhm ag Airteagal 7 sa chás sin.

9. I gcás inar chaill soláthróir a stádas mar sholáthróir fíoraithe i gcomhréir le mír 8 thuas, socróidh córas EPREL an dáta scor de chur gach múnla chláraithe dá chuid ar an margadh, agus marcálfar gur shocraigh an córas é.

*Airteagal 12*

**Na paraiméadair is gá chun múnlaí táirgí a shainaithint nó chun idirdhealú a dhéanamh eatarthu**

1. Le haghaidh gach múnla táirge chláraithe, féadfaidh an Coimisiún an fhéidearthacht a thabhairt do sholáthróirí luachanna do na paraiméadair seo a leanas a sholáthar go deonach, nuair nach n-áirítear cheana féin iad sa Rialachán Tarmligthe sonrach maidir leis an ngrúpa táirgí faoi Rialachán (AE) 2017/1369 ná i Rialachán (AE) 2020/740:

(a) an GTIN, i gcás inarb infheidhme;

(b) na Ballstáit ina gcuireann siad a dtáirgí ar an margadh;

(c) i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara, paraiméadair eile nach cuid den mheasúnú comhréireachta ag an soláthróir iad ná den fhíorú comhlíontachta ag na húdaráis um fhaireachas margaidh, a bhfuil gá leo, i gcomhréir leis an bhforáil ó Airteagal 12(11) de Rialachán (AE) 2017/1369;

(d) faisnéis den chineál dá dtagraítear in Airteagal 16(3) pointe (d) de Rialachán (AE) 2017/1369.

2. Féadfar paraiméadair a liostaítear i mír 1 thuas a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin poiblí EPREL mar fhaisnéis atá comhlántach leis an mBileog Faisnéise faoin Táirge.

*Airteagal 13*

**Múnlaí táirgí a chur ar an margadh agus scor dá gcur ar an margadh**

1. Ní mheasfar clárú múnla táirge in EPREL ag soláthróir a bheith curtha i gcrích go dtí go gcuirfear na luachanna paraiméadair seo a leanas uile isteach agus go dtí go n-uaslódáilfear na doiciméid ábhartha in EPREL le haghaidh gach múnla:

   (a) gach luach a bhfuil gaol aige leis na paraiméadair agus na doiciméid is gá faoi Rialachán (AE) 2017/1369, Rialachán (AE) 2020/740 nó aon ghníomh tarmligthe a glacadh faoi na rialacháin sin is infheidhme maidir leis an táirge;

   (b) dáta chur ar an margadh an chéad aonaid den mhúnla sonrach.

2. Le córas comhlíontachta EPREL deimhneofar iomláine na luachanna paraiméadair a chuirtear isteach mar chuid de chlárú an mhúnla.

3. Maidir le cur ar an margadh, déanfar an dáta agus an t-am a chinneadh ar bhonn Am Lár na hEorpa (CET) nó Am Samhraidh Lár na hEorpa (CEST), de réir mar is infheidhme.

4. Ón dáta faoi mhír 3 thuas, beidh an fhaisnéis a chuir an soláthróir isteach inrochtana ag údaráis um fhaireachas margaidh agus cuirfear an chuid phoiblí ar fáil go poiblí.

5. Féadfar an dáta scor de chur gach múnla táirgí ar an margadh a chur isteach mar dháta sa todhchaí nó cuirfear in EPREL é laistigh de 90 lá tar éis a tharlaithe agus féadfaidh an soláthróir é a athrú nó a scriosadh i gcás ina leantar den mhúnla a chur ar an margadh.

*Airteagal 14*

**Rochtain ar chlárúcháin múnlaí in EPREL a éascú**

1. Chun taispeáint lipéad nó taispeáint a haicme agus a raoin a éascú, lena n-áirítear i gciandíol ar líne, i bhfógra amhairc, in ábhar fógraíochta teicniúil agus ar an Idirlíon, cuirfidh soláthróirí cláruimhir EPREL an mhúnla in iúl do dhéileálaithe nó do dháileoirí, de réir mar is infheidhme.

2. Chun gur féidir féachaint ar chlárú múnla in EPREL, áiritheoidh an déileálaí nó an dáileoir go mbeidh an cód QR inléite agus múnla táirgí nó bonn á chur ar taispeáint lena dhíol.

*Airteagal 15*

**Samhail malartaithe sonraí agus bainistiú eisiúintí bogearraí**

1. Cláróidh soláthróirí múnlaí táirgí trí shuíomh gréasáin comhlíontachta EPREL a úsáid nó trí na sonraí múnla a uaslódáil leis an leagan is déanaí den tsamhail malartaithe sonraí dá bhfuil ar fáil. Tá feidhm aige sin, go háirithe, maidir leis an bhfaisnéis sna táblaí ar an mbileog faisnéise faoin táirge agus maidir leis an bhfaisnéis theicniúil sa ghníomh tarmligthe ábhartha.

2. Aon mhodhnú ar an tsamhail malartaithe sonraí, má theastaíonn modhnuithe ar na bogearraí a úsáideann soláthróirí mar gheall air, fógróidh an Coimisiún é agus cuirfear ar fáil é le haghaidh réamhthástála i gcóras glactha comhlíontachta EPREL é 2 mhí ar a laghad sula gcuirfear in úsáid i gcóras táirgthe comhlíontachta EPREL é.

3. Ní gá réamhfhógra a thabhairt ach amháin má bhaineann mífheidhm nó earráid leis an athrú ó thaobh an tsoláthróra, nó má bhaineann uaslódáil sonraí mhíchearta i gcóras comhlíontachta EPREL leis.

4. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sonraí múnla táirgí a uaslódáil agus samhail malartaithe sonraí nua á úsáid ach amháin maidir le clárúchán múnlaí nua.

5. Aon mhodhnú ar an bprótacal aistrithe lena dteastaíonn modhnuithe ar na bogearraí a úsáideann soláthróirí, fógróidh an Coimisiún é agus cuirfear ar fáil i gcóras glactha comhlíontachta EPREL é, arna dhoiciméadú go cuí, 4 mhí ar a laghad sula gcuirfear in úsáid i gcóras táirgthe comhlíontachta EPREL é.

*Airteagal 16*

**Coinneáil ar bun, infhaighteacht an chórais agus infhaighteacht na sonraí**

1. Cuirfidh an Coimisiún na treoirlínte agus na treoracha ar fáil, trí mheán na tairsí ar líne, faoi conas múnlaí a chlárú agus a bhainistiú i gcóras comhlíontachta EPREL.

2. Cuirfidh an Coimisiún seirbhís deisce cabhrach ar fáil chun a áirithiú go bhfaighidh soláthróirí agus údaráis um fhaireachas margaidh tacaíocht theicniúil. Beidh an deasc chabhrach ar fáil le linn laethanta oibre an Choimisiúin agus le linn gnáthuaireanta oibre, arna gcinneadh ar bhonn bliantúil i gCinneadh an Choimisiúin maidir le laethanta saoire poiblí le haghaidh fhoireann na n-institiúidí Eorpacha sa Bhruiséil agus i Lucsamburg. Foilseofar na laethanta oibre sin ar an tairseach ar líne. Áiritheofar an tacaíocht theicniúil le haghaidh iarrataí práinneacha idir an 27 agus an 31 Nollaig, áfach.

3. Stórálfar idirphléití i scríbhinn idir soláthróirí agus an deasc chabhrach go ceann 6 mhí tar éis an tsaincheist a bheith dúnta, agus cuirfear ar fáil d’údaráis um fhaireachas margaidh arna n-iarraidh sin iad.

4. Féadfaidh an Coimisiún infhaighteacht an chórais comhlíontachta nó chóras poiblí EPREL a chur ar fionraí, gan réamhfhógra a thabhairt, mar thoradh ar mhífheidhm nó ar chibearionsaí nó aon bheart slándála práinneach agus na córais a choinneáil dorochtana go dtí go gcuirfear staid shábháilte ar bun arís.

5. I gcás ina gcoisceann dofhaighteacht shealadach nó mífheidhmiú chóras comhlíontachta EPREL clárúchán, déanfaidh an Coimisiún dáta agus am na dofhaighteachta a thaifeadadh agus coinneoidh sé an taifead ar an dofhaighteacht, agus cuirfidh sé ar fáil d’údaráis um fhaireachas margaidh agus do sholáthróirí é arna iarraidh sin go ceann tréimhse nach lú ná 5 bliana.

6. Beidh an córas comhlíontachta agus córas poiblí EPREL araon inrochtana i gcónaí, seachas le linn tréimhsí gníomhaíochtaí cothabhála riachtanacha a fógraíodh roimhe, mar shampla eisiúintí bogearraí nua a chur in úsáid. Eiseoidh an Coimisiún réamhfhógra maidir le neamh-inrochtaineacht ar shuíomh gréasáin na comhlíontachta nó ar an suíomh gréasáin poiblí, de réir mar is infheidhme.

7. Ní bheidh an Coimisiún ná na soláthróirí faoi dhliteanas as aon chailliúint sonraí a chuirtear isteach in EPREL mar thoradh ar chúiseanna atá neamhspleách ar a dtoil.

*Airteagal 17*

**Infhaighteacht sonraí poiblí**

Na luachanna paraiméadair poiblí, an lipéad agus an bhileog faisnéise faoin táirge do mhúnlaí cláraithe, cuirfidh an Coimisiún ar fáil iad trí bhíthin Comhéadain Feidhmchlár (API), faoi réir ghlacadh na dtéarmaí úsáide.

*Airteagal 18*

**EPREL a úsáid ar bhealach míchuí nó calaoiseach**

I gcás ina sainaithníonn an Coimisiún gníomhaíocht mhíchuí nó chalaoiseach, lena n-áirítear gníomhaíocht atá nasctha le híoslódáil ábhalmhór sonraí, déanfaidh sé na bearta is gá chun mí-úsáid EPREL a chosc.

*Airteagal 19*

**Sonraí pearsanta**

1. Stórálfar na sonraí pearsanta seo a leanas in EPREL chun fíorú chéannacht na soláthróirí a áirithiú:
   (a) céadainm agus sloinne an duine atá i dteideal de réir dlí gníomhú mar ionadaí dlíthiúil thar ceann an tsoláthraí;
   (b) seoladh ríomhphoist gairmiúil.
2. Cuirfidh úsáideoirí chuntais EPREL le haghaidh soláthróirí agus údaráis um fhaireachas margaidh an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:
   (a) céadainm agus sloinne;
   (b) seoladh ríomhphoist gairmiúil.
3. Déanfar sonraí pearsanta a bhailítear de bhua an Rialacháin seo a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 20*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón lá céanna. Beidh feidhm ag Airteagail 3, 4, 5, 7, 11 agus 15 ón *[6 mhí ina dhiaidh sin - Oifig na bhFoilseachán - cuir isteach tagairt]*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2.4.2024

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*